Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0268 (COD)**

**11052/20**
**ADD 2**

**EF 229**
**ECOFIN 847**
**TELECOM 160**
**CYBER 169**
**IA 62**
**CODEC 872**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 204 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/43/CE, Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/AE, Treoir 2011/61/AE, Treoir AE/2013/36, Treoir 2014/65/AE, Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir AE/2016/2341 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 204 final.

---

Faoi iamh: SWD(2020) 204 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2020
SWD(2020) 204 final

This language version reflects the corrections done to the original EN version retransmitted under SWD(2020) 204 final/2 of 16.10.2020

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2006/43/CE, Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/AE, Treoir 2011/61/AE, Treoir AE/2013/36, Treoir 2014/65/AE, Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir AE/2016/2341**

{COM(2020) 596 final} - {SEC(2020) 309 final} - {SWD(2020) 203 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Rialachán maidir leis an athléimneacht oibríochtúil dhigiteach san earnáil airgeadais |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Bíonn an earnáil airgeadais ag brath go mór ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC). Is dócha go gcuirfidh paindéim COVID-19 dlús leis seo, toisc na buntáistí a bhaineann le cianrochtain leanúnach ar sheirbhísí airgeadais a áirithiú. Le spleáchas ar theicneolaíochtaí digiteacha, áfach, tagann imní; ní mór do ghnólachtaí a bheith in ann aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar TFC a sheasamh chun go dtabharfar aghaidh ar theagmhais agus ar bhagairtí digiteacha agus go gcoinneofar seirbhísí ar bun. In earnáil airgeadais atá an-idirnasctha ina n-úsáidtear seirbhísí ríthábhachtacha trasteorann a bhfuil an fíorgheilleagar ag brath uirthi, cé go mbíonn na leochaileachtaí a eascraíonn ó spleáchas TFC infheidhme maidir le gach earnáil eacnamaíoch, is suntasaí iad de bharr (1) an úsáid dhomhain agus leathan TFC agus (2) an poitéinseal atá ag iarmhairtí teagmhas oibríochtúil i ngnólacht airgeadais nó fo-earnáil airgeadais amháin a leathadh go tapa chuig gnólachtaí eile nó chuig codanna eile den earnáil airgeadais agus chuig an gcuid eile den gheilleagar ar deireadh.<br>In ainneoin ardleibhéal comhtháthaithe margaidh agus rialála san earnáil airgeadais agus rath uirthi gan ach tacar amháin rialacha comhchuibhithe – bhí leabhar rialacha aonair an Aontais –, freagairt an Aontais do riachtanais mhéadaithe athléimneachta oibríochtúla ar an leibhéal cothrománach agus ar an leibhéal earnála araon, bhí sé:<br>- bunaithe ar chomhchuibhiú íosta, agus ar an gcaoi sin, ag tabhairt deise le haghaidh léirmhíniú náisiúnta agus ilroinnt sa mhargadh aonair, nó<br>- róghinearálta agus a chur i bhfeidhm teoranta, ag tabhairt aghaidh ar riosca oibriúcháin foriomlán go pointí éagsúla, ag rialáil i bpáirt ar roinnt comhpháirteanna den *athléimneacht* oibríochtúil dhigiteach (e.g. bainistiú riosca TFC, an tuairisciú teagmhas agus an riosca tríú páirtí TFC) agus ag an am céanna, ag fágáil cinn eile ar lár (tástáil).<br>Le hidirghabháil an Aontais níor tugadh aghaidh go dtí seo ar riosca oibríochtúil ar bhealach a chomhfhreagraíonn do riachtanais na ngnólachtaí airgeadais leochaileachtaí in TFC a sheasamh, iad a fhreagairt nó teacht slán uathu, ná ní chuirtear uirlisí ar fáil do mhaoirseoirí airgeadais chun a sainordú a chomhlíonadh chun an éagobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as na leochaileachtaí sin in TFC a shrianadh.<br>Mar thoradh ar na bearnaí agus na neamhréireachtaí atá ann faoi láthair, tá go leor tionscnamh náisiúnta neamhchomhordaithe (e.g. maidir le tástáil) agus cur chuige maoirseachta (e.g. maidir le spleáchais tríú páirtí TFC), rud a chiallaíonn go mbíonn forluí ann, dúbláil ceanglas agus costais arda riaracháin agus comhlíonta le haghaidh gnólachtaí airgeadais trasteorann nó a chiallaíonn go mbíonn rioscaí TFC ann nach mbraitear ná nach dtugtar aghaidh orthu. Ar an iomlán, ní ráthaítear cobhsaíocht ná sláine na hearnála airgeadais agus tá an margadh aonair maidir le seirbhísí airgeadais ilroinnte i gcónaí, agus dá réir sin, tá cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí á lagú. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é an cuspóir foriomlán athléimneacht oibríochtúil dhigiteach earnáil airgeadais an Aontais a neartú trí reachtaíocht airgeadais an Aontais atá ann cheana a chuíchóiriú agus a uasghrádú agus ceanglais nua a thabhairt isteach i gcás inarb ann do bhearnaí, agus iad dírithe ar:<br>• bainistiú gnólachtaí airgeadais ar rioscaí TFC a fheabhsú;<br>• cur leis an eolas atá ag maoirseoirí maidir le bagairtí agus teagmhais;<br>• tástáil gnólachtaí airgeadais ar na córais TFC atá acu a fheabhsú; agus<br>• formhaoirseacht níos fearr a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as spleáchas gnólachtaí ar sholáthraithe TFC tríú páirtí.<br>Go sonrach, chruthódh an togra sásraí tuairiscithe teagmhas níos comhtháite agus níos comhsheasmhaí agus dá bharr sin, laghdófaí an t-ualach riaracháin ar institiúidí airgeadais agus neartófaí éifeachtúlacht maoirseachta. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá margadh aonair an Aontais do sheirbhísí airgeadais á rialú ag corpas mór rialacha atá leagtha amach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a chuireann ar chumas gnólachtaí airgeadais atá údaraithe i mBallstát amháin seirbhísí a sholáthar ar fud an mhargaidh aonair a bhuí le pas de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ní bheadh rialacha ar an leibhéal náisiúnta ina mbealach éifeachtach chun athléimneacht oibríochtúil na ngnólachtaí airgeadais a bhaineann úsáid as an bpas a neartú. Ina theannta sin, i leabhar rialacha aonair an Aontais, mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais, tá rialacha mionsonraithe agus saintreorach ann lena dtugtar aghaidh ar rioscaí 'traidisiúnta' amhail rioscaí creidmheasa, rioscaí margaidh, rioscaí contrapháirtí agus rioscaí leachtachta. |

Na forálacha atá ann cheana maidir le riosca oibriúcháin, tá siad ginearálta i gcónaí. Chun an athléimneacht oibríochtúil dhigiteach a neartú, tá gá le coigeartuithe i bhforálacha maidir le rioscaí oibríochtúla atá sainithe cheana ar leibhéal an Aontais – agus dá bhrí sin ní féidir iad a uasghrádú agus a chomhlánú ach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Tá trí rogha á mheas sa mheasúnú tionchair, chomh maith leis an gcás bunlíne ina nach ndéanfaí aon ghníomhaíocht maidir le reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais. Go sonrach:

- **'An staid a fhágáil mar atá'**: leanfaí de rialacha a leagan síos maidir leis an athléimneacht oibríochtúil le sraith reatha, éagsúlacht d'fhorálacha seirbhísí airgeadais an Aontais, go páirteach le Treoir NIS, agus leis na córais náisiúnta atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo;
- **Rogha 1 – caipiteal maolánach a neartú**: thabharfaí isteach caipiteal maolánach breise chun cur le cumas gnólachtaí airgeadais caillteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr easpa athléimneacht oibríochtúil a ionsú;
- **Rogha 2 – acht maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach do sheirbhísí airgeadais**: thabharfadh sé seo isteach creat cuimsitheach ar leibhéal an Aontais lena leagfaí amach rialacha maidir le athléimneacht oibríochtúil dhigiteach do gach institiúid airgeadais rialáilte, agus a dhéanfadh an méid seo a leanas
    - aghaidh a thabhairt ar rioscaí TFC ar bhealach níos cuimsithí,
    - ligfeadh sé do mhaoirseoirí airgeadais rochtain a bheith acu ar fhaisnéis maidir le teagmhais a bhaineann le TFC,
    - áiritheodh sé go ndéanfadh gnólachtaí airgeadais measúnú ar éifeachtacht a mbearta coisctheacha agus athléimneachta agus go ndéanfadh siad a gcuid leochaileachtaí TFC a shainaithint;
    - na rialacha maidir le seachfhoinsiú a rialaíonn formhaoirseacht indíreach ar sholáthraithe tríú páirtí TFC a neartú;
    - formhaoirseacht dhíreach ar ghníomhaíochtaí soláthraithe tríú páirtí TFC a chumasú agus seirbhísí á soláthar acu do ghnólachtaí airgeadais agus
    - sa bhreis air sin, dhéanfadh sé malartú faisnéise faoi bhagairtí san earnáil airgeadais a spreagadh.
- **Rogha 3 – acht athléimneachta maille le maoirseacht láraithe ar sholáthraithe criticiúla tríú páirtí**: sa bhreis ar acht athléimneachta oibríochtúla (rogha 2), chruthófaí údarás nua chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe tríú páirtí TFC a chuireann seirbhísí criticiúla TFC ar fáil do ghnólachtaí airgeadais. Dhéanfadh sé soiléiriú, freisin, ar an earnáil airgeadais a shonrú ó raon feidhme na Treorach NIS.

Is é rogha 2 rogha na tosaíochta. I gcomparáid leis na roghanna eile, is é an rogha is mó é a bhaineann formhór chuspóirí an tionscnaimh amach, agus critéir na héifeachtúlachta agus an chomhleanúnachais á gcur san áireamh. Chomh maith leis sin, seo é an rogha a dtacaíonn formhór na ngeallsealbhóirí leis.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Tá an chuid is mó de na páirtithe leasmhara (príobháideach, poiblí) ag teacht leis an tuairim go bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas chun athléimneacht oibríochtúil gnólachtaí airgeadais a chosaint. Creideann go leor acu freisin go bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas chun dul i ngleic leis na hualaí rialála a eascraíonn as gnólachtaí airgeadais a bheith faoi réir rialacha dúblacha agus neamhréireacha a leagtar amach in NIS, i ndlí seirbhísí airgeadais an Aontais agus sna córais náisiúnta (e.g. maidir le tuairisciú teagmhas). Dá bhrí sin, is beag páirtí leasmhar atá i bhfabhar gan rud ar bith a dhéanamh. Is beag páirtí leasmhar a mheasann gur fiú an athléimneacht oibríochtúil a chosaint trí bhíthin maoláin chaipitil mhéadaithe (rogha 1). Mar sin féin, sin é an cur chuige traidisiúnta maidir le riosca oibríochtúil, go háirithe i gcúrsaí baincéireachta, agus is mar sin a mheasann, mar shampla, lucht socraithe na gcaighdeán idirnáisiúnta é a bheith. Bailíonn na cineálacha bearta cáilíochta a leagtar amach i rogha 2 tacaíocht leathan ó pháirtithe leasmhara a d'fhreagair don chomhairliúchán poiblí, bearta a dhéanfadh reachtaíocht airgeadais an Aontais a chuíchóiriú agus a uasghrádú agus lena dtabharfaí isteach ceanglais nua i gcás inarb ann do bhearnaí agus ag an am céanna go gcoinneofaí naisc leis an Treoir NIS chothrománach. Cé go measann roinnt páirtithe leasmhara (go háirithe páirtithe leasmhara poiblí) gur mór is fiú maoirseacht neartaithe a dhéanamh ar sholáthraithe tríú páirtí TFC i rogha 3, níl ach tacaíocht theoranta ó pháirtithe leasmhara le haghaidh údarás nua de chuid an Aontais a chruthú chun na críche sin agus is amhlaidh atá i gcás tacaíochta le haghaidh briseadh níos iomláine le creat NIS.

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
| --- |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Thabharfadh Rogha 2 aghaidh ar **rioscaí TFC** ar fud na hearnála airgeadais trí fheabhas a chur ar chumas na n-institiúidí teagmhais TFC a sheasamh. Laghdódh sé sin an baol go leathfadh cibeartheagmhas go tapa ar fud na margaí airgeadais. Cé go bhfuil sé deacair na costais a bhaineann le teagmhais oibríochtúla san earnáil airgeadais a mheas (ní thuairiscítear gach teagmhas; raon feidhme éiginnte maidir le costais), tugtar le fios i measúnuithe tionscail go bhféadfadh costais d'earnáil airgeadais an Aontais a bheith idir EUR 2-27 billiún in aghaidh na bliana. Mhaolódh rogha na tosaíochta na costais dhíreacha sin agus aon tionchair níos leithne a d'fhéadfadh cibeartheagmhais mhóra a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais. Laghdófaí ualaí riaracháin dá gcuirfí deireadh le **ceanglais tuairiscithe** forluiteacha. Mar shampla, le haghaidh roinnt de na bainc is mó, d'fhéadfadh idir EUR 40 milliún agus EUR 100 milliún in aghaidh na bliana a bheith i gceist leis an gcoigilteas a bhaineann leis. Le tuairisciú díreach, mhéadófaí freisin an t-eolas atá ag maoirseoirí maidir le teagmhais TFC. Le cleachtais **tástáil chomhchuibhithe** mhéadófaí leochaileachtaí agus rioscaí anaithnide a bhrath. Laghdófaí costais freisin, go háirithe i gcás gnólachtaí trasteorann. Mar shampla, le haghaidh an 44 bhanc trasteorann is mó, d'fhéadfadh tairbhí ionchasacha iomlán idir EUR 11 milliún agus EUR 88 milliún a bheith ag baint le cur chuige coiteann i leith tástála. Trí shraith chomhleanúnach rialacha a thabhairt isteach maidir leis na rioscaí a bhaineann le **soláthraithe tríú páirtí seirbhísí TFC** a bhainistiú, bheadh níos mó smachta ag gnólachtaí airgeadais maidir leis an mbealach a comhlíonann soláthraithe tríú páirtí an creat rialála, rud a d'fhéadfadh maoirseoirí a chur ar a suaimhneas. Anuas air sin, bheadh tairbhí stuamachta ag baint le formhaoirseacht a bheith á déanamh ag maoirseoir ar sholáthraithe tríú páirtí TFC. Ar an iomlán, tá mar thoradh ar an rogha thosaíochta tairbhí níos leithne don tsochaí, tairbhí a eascraíonn as timpeallacht oibriúcháin níos athléimní a bheith ann le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus cosaint neartaithe a bheith ann le haghaidh tomhaltóirí agus infheisteoirí. |

| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| --- |
| Is costais aonuaire agus athfhillteacha araon a bheadh mar thoradh ar rogha na tosaíochta. Maidir leis an gcéad cheann acu, is infheistíochtaí i gcórais TF is cúis leo agus is deacair iad a chainníochtú i bhfianaise riocht éagsúil chórais leagáide gnólachta. In éagmais idirghabhála rialála, tá infheistíochtaí suntasacha déanta cheana féin ag roinnt gnólachtaí airgeadais i gcórais TFC. Ciallaíonn sé sin gur dócha gur íseal a bheadh cur chun feidhme bearta an togra seo ag gnólachtaí móra airgeadais.. Le haghaidh gnólachta is lú, is dócha go mbeadh na costais níos ísle freisin, ó tharla go mbeadh siad faoi réir bearta nach mbeadh chomh dian i gcomhréir leis an riosca is ísle a bhaineann leo. A mhéid a bhaineann le tástáil, measann na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha go mbeadh na costais a bhaineann le tástáil treáite faoi réir bagairtí idir 0.1% agus 0.3% de bhuiséad iomlán TFC na ngnólachtaí lena mbaineann. Laghdófaí go mór na costais a bhaineann le tuairisciú teagmhas toisc nach mbeadh aon fhorluí ann le tuairisciú NIS. Tabhóidh maoirseoirí roinnt costas freisin, i ngeall ar na cúraimí breise a ghabhfadh siad orthu. Mar shampla, le haghaidh maoirseoirí a ghlacann páirt san fhormhaoirseacht dhíreach ar sholáthraithe TFC tríú páirtí, d'fhéadfaí a bheith ag súil le méadú measta in FTEnna idir 1 go dtí 5 FTEnna le haghaidh an phríomhúdaráis agus thart ar 0.25 FTEnna le haghaidh na n-údarás rannpháirteach. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Cumhdófar leis an rogha thosaíochta gach gnólacht airgeadais chun athléimneacht oibríochtúil na hearnála ina hiomláine a mhéadú. Tá an raon feidhme leathan sin tábhachtach i bhfianaise a idirnasctha is atá an earnáil airgeadais agus i bhfianaise an ghá chomhfhreagraigh atá le hathléimneacht oibríochtúla fhónta ar an iomlán a bheith ann. Agus príomhcheanglais ar fud na bpríomhréimsí idirghabhála á sainiú, áfach, bheadh feidhm ag prionsabal na comhréireachta ar fud na bhfo-earnálacha agus laistigh de gach fo-earnáil chomh maith. Chuirfeadh sé san áireamh, inter alia, na difríochtaí i samhlacha gnó, ó thaobh méide, riosca, próifíle, tábhacht shistéamach de, etc. Mar shampla, ní bheadh bearta maidir le tuairisciú agus tástáil teagmhas chomh dian céanna do ghnólachtaí airgeadais is lú. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ní imreofar. D'fhéadfadh acmhainní maoirseachta breise a bheith ag teastáil le haghaidh formhaoirseacht bhreise, mar a léiríodh thuas, agus d'fhéadfadh an t-ualach seo a bheith á iompar ina iomláine nó i bpáirt (má tá táillí maoirseachta i gceist) ag buiséid phoiblí. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Léirítear le hiarmhairtí socheacnamaíocha phaindéim COVID-19 nádúr criticiúil na margaí airgeadais digiteacha agus a n-athléimneacht oibríochtúil. Leis an rogha thosaíochta leagfaí bonn fónta chun leas a bhaint as an |

| |
|---|
| gclaochlú digiteach trína áirithiú go mbeadh an margadh aonair le haghaidh seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear in aontais na baincéireachta agus na margaí caipitil, go mbeadh an margadh sin athléimneach go hoibríochtúil, agus é á bhunú ar shraith choiteann rialacha agus ceanglas lena saothraítear slándáil, feidhmíocht, cobhsaíocht agus cothroime iomaíochta. Neartóidh sé sin seasamh na hEorpa mar cheannaire domhanda airgeadais agus digiteach freisin, cuspóir a leag an Coimisiún síos ina Theachtaireacht 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa á múnlú'. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Dhéanfaí an chéad mheastóireacht 3 bliana tar éis do na hionstraimí dlíthiúla teacht i bhfeidhm. Chuirfeadh an Coimisiún tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag tráth an athbhreithnithe. D'fhéadfadh comhairliúchán poiblí, staidéir, plé le saineolaithe, suirbhéanna, ceardlanna, tacú leis an athbhreithniú, de réir mar is iomchuí. |